UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

BEARTAS & NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE COSAINT FOSTAITHE – MÍ-ÚSÁID MEISCEACH

Arna cheadú ag an Údarás Ceannais 26 Eanáir 2010

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh.

OLLSCOIL LUIMNIGH
BEARTAS & NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE COSAINT FOSTAITHE – MÍ-ÚSÁID MEISCEACH

1. An Cúlra

1.1 Tá Ollscoil Luimnigh tiomanta timpeallacht oibre dhearfach, shláintiúil agus shábháilte a fhorbairt agus a chothabháil. Leis sin a dhéanamh tá forbairt déanta ag an Ollscoil ar Bheartas agus ar Nósanna Imeachta le freagairt a dhéanamh i gcás fostaithe a bhíonn i gcontúirt nó a mbíonn fadhbanna acu ó thaobh mhí-úsáid meisceach.

1.2 Faoi réir na bhforálacha sa bheartas seo tabharfaidh an Ollscoil tacaíocht do dhaoine ar an bhfoireann laistigh dá pobal a mbeidh fadhbanna acu a bhainfidh le mí-úsáid meisceach.

1.3 Is é an aidhm atá leis an mbeartas seo ná teacht roimh na droch-thionchair a bhíonn ag an alcól agus ag drugaí (ar a dtugtar meiscigh orthu le chéile) agus chun sláinte agus sábháilteacht gach fostaí a thabhairt slán.

2. Mí-úsáid Meisceach – Mínithe

2.1 San Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair sainmhínítear an téarma 'meisceach' mar ní a chlúdaíonn drugaí agus alcól agus aon chumasc drugaí nó drugaí agus alcól le chéile. Áirítear ar mheiscigh drugaí a bhíonn forordaithe agus drugaí nach mbíonn forordaithe. Cuireann an tAcht dualgas ar fhostóirí gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a sheoladh ar shlí ina seachnaítear chomh fada agus is féidir go réasúnach aon iompar, nó aon iompar ar dóigh, a chuirfeadh sábháilteacht, sláinte nó leas fostaithe agus iad ag an obair i gcontúirt. Cuireann an tAcht dualgas ar an bhfostaí a chinntiú nach mbeidh sé nó sí faoi thionchar meiscigh an oiread is go mbeadh sé nó sí sa chaoi agus go mbeadh sé nó sí ag cur a shábháilteachta, a shláinte nó a leas nó a sábháilteachta nó a sláinte nó a leas nó sábháilteacht, sláinte nó leas duine eile i gcontúirt.

2.2 Tagraíonn an téarma 'mí-úsáid' sa cháipéis seo do mhí-úsáid substaintí sícighníomhacha lena n-áirítear tógáil drugaí dleathacha nó mhídhleathacha nó glacadh alcóil a thabharfadh ar dhuine fadhbanna sóisialta, síceolaíocha, fisiciúla nó dlí a bhainfeadh le meisce, ró-ghlacadh rialta agus /nó brath an iomarca ar an substaint a bheith aige nó aici.

3. Ag Cur leis an Tuiscint

3.1 Aithníonn an Ollscoil an tábhacht a bhaineann le hoiliúint chuí a chur ar fáil lena chinntiú go dtuigfear agus go bhfeidhmeofar an beartas seo. Dá réir sin soláthróidh an Ollscoil sraith tionscnamh oiliúna le súil le cur leis an tuiscint, lena n-áirítear a bheith in ann iompair a thagann as mí-úsáid substainte a aithint go luath.

4. Idirghabhálacha

4.1 Aithnítear alcólachas agus andúil i ndrugaí mar mhíchumais chun críche na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Is féidir cóireáil a chur ar fáil d'alchólachas agus d'andúil drugaí agus dá bharr sin ní dhéanfar idirdhealú in aghaidh fostaithe a bheidh ag fulaingt ó mhíchumas ar bhonn a gcuid tinnis. Tabharfar spreagadh go gníomhach d'fhostaithe a mbeidh andúil alcóil nó drugaí ag dul dóibh agus iarrfar orthu leas a bhaint as cúnamh gairmiúil. Cuideoidh saineolaithe Sláinte Ceirde na hOllscoile i gcomhchomhairle leis an bhfostaí chun soláthróir cúnamh gairmiúil den sórt sin a aithint. Faoi réir chomhairle shaineolaithe Sláinte Ceirde na hOllscoile beifear ag súil go rachaidh an fostaí i mbun cóireála agus go leanfaidh sé nó sí leis an gcóireáil sin.

4.2 Sa chás nach rachaidh fostaí i mbun cóireála nó mura leanfaidh sé nó sí leis an gcóireáil beidh sé nó sí faoi réir gníomh araíonachta lena n-áirítear cur as oifig más cuí.

4.3 Ní ligfidh an Ollscoil le mí-úsáid aon substaintí ar áitreabh Ollscoil Luimnigh ná ní ghlacfaidh siad léi agus leanfaidh gníomh araíonachta as drugaí a bheith i seilbh nó in úsáid ag duine (ach amháin drugaí faoi cheadúnas) ar áitreabh Ollscoil Luimnigh.

4.4 Sa chás amhras a bheith ann fostaí a bheith faoi thionchar alcóil agus/nó drugaí laistigh de scóip mhíniú Alt 2 den bheartas seo ní cheadófar dó nó di obair a thosú ná leanúint léi de réir mar is cuí. In imthosca den sórt sin féadfaidh Ollscoil Luimnigh leas a bhaint as Reacht Ollscoil Luimnigh ar Ábhair Araíonachta Fostaithe agus ar Fhoirceannadh Fostaíochta.

4.5 Aithníonn an Ollscoil sa chás go dtéann fostaí i mbun idirghabhála cuí le leigheas a fháil ar fhadhbanna maidir le feidhmíocht a bhaineann leis an obair de bharr mí-úsáid substainte go bhféadfar an próiseas araíonachta a chur ar fionraí ach forchoimeádann sí an ceart an próiseas a athshuíomh.

4.6 Tabharfaidh an Ollscoil, tríd an tSeirbhís Tacaíochta Fostaithe (STF) measúnú gairmiúil rúnda d'fhostaithe agus dá gcuid teaghlach agus agus tarchur le cúnamh a fháil chun réiteach nó cóireáil a fháil d'andúil nó do spleáchas nó d'fhadhbanna a bhaineann le alcól, drugaí nó andúil eile a bheidh ag déanamh dochair dá bhfeidhmíocht oibre. Tá

eolas faoi STF ar fáil ar láithreán gréasáin AD. Déileálfar le heolas faoi andúil a gheofar ó fhostaithe go hiomlán faoi rún.

5. An Nós Imeachta a Leanfar

5.1 Sa chás go nochtfaidh duine fadhbanna maidir le mí-úsáid substainte agus go lorgaíonn sé nó sí cabhair ón Ollscoil chun déileáil leo déileálfar leis an ngnó mar cheist leasa faoi rún.

5.2 Sa chás gur léir fadhanna maidir le feidhmíocht oibre a bhaineann le mí-úsáid substaintí féadfar tarchur a dhéanamh chuig seirbhísí cuí laistigh den Ollscoil nó chuig gníomhaireachtaí seachtracha agus tabharfar tacaíocht mar is cuí.

5.3 Má aithníonn bainisteoir fadhb nó má chuirtear ar an eolas é nó í faoi fhadhb maidir le feidhmíocht/araíonacht a mheastar baint a bheith aici le mí-úsáid substainte déanfaidh sé nó sí an fhadhb a phlé leis an mball foirne a bheidh i gceist ar an gcéad dul síos.

5.4 Má adhmaíonn an ball foirne, tar éis plé den sórt sin, go bhfuil fadhbanna mí-úsáide i gceist agus má aontaíonn sé nó sí cúnamh a lorg déanfar tarchur chuig an Rannán Acmhainní Daonna agus d'fhéadfaí gníomh araíonachta a chur ar fionraí.

5.5 Mura mbeidh an ball foirne sásta cabhair/cóireáil a lorg d'iompar a mheastar baint a bheith aige le fadhb mí-úsáide substainte leanfar ag déileáil leis an ábhar bunaidh ba chúis leis an ngníomh araíonachta faoi Reacht Ollscoil Luimnigh ar Ábhair Araíonachta Fostaithe agus ar Fhoirceannadh Fostaíochta.

5.6 Má éiríonn leis an mball foirne plean aontaithe gnímh a chomhlíonadh d'fhéadfaí gníomh araíonachta ar fionraí a chur ar ceal.

5.7 Má tharlaíonn tar éis plean gnímh a chomhaontú go dtéann an ball foirne siar ar an gcomhaontú forchoimeádann an Ollscoil an ceart filleadh ar ghníomh araíonachta a bhíonn ar fionraí nó plean gnímh nua a thosú de réir mar is cuí.